

An tÚdarás Náisiúnta Iompair

An Scéim Croíchonair Bus ó Chamaigh go Lár na Cathrach

An Cinneadh ar Scagadh ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair (“**an tÚdarás**”) ag beartú an Scéim Croíchonair Bus ó Chamaigh go Lár na Cathrach (an “**Scéim Bheartaithe**”) a dhéanamh.

Pointe tosaithe na Scéime Beartaithe is ea Bóthar Chamaí Íochtarach/an R817 ag an acomhal le Bóthar Thír an Iúir Thiar/an R818, le Bóthar Chamaí Thiar/an R818 agus le Bóthar Ghort an Dúin. Leanfaidh an Scéim Bheartaithe ar aghaidh feadh Bhóthar Chamaí Íochtarach/an R817 i dtreo Lár na Cathrach, trí Bhóthar Chrois Araild/an R137, Sráid Chlann Bhreasail Uachtarach agus Íochtarach agus an tSráid Nua Theas, áit a gceanglóidh sí sa deireadh leis an gCroíchonair Bus ó Thamhlacht/Cluain Dolcáin go Lár na Cathrach ag acomhal Shráid Chaoimhín Uachtarach/an R110. Tabharfar tosaíocht do bhusanna feadh an bhealaigh ar fad, a bheidh comhdhéanta go príomha de lánáí tiomnaithe bus sa dá threo nuair is féidir, agus tá sé beartaithe bearta malartacha a thabhairt isteach ag láithreacha a bhfuil srianta ar leith ag gabháil leo, amhail an-chuid de Bhóthar Chamaí Íochtarach/an R817, Páirc Chrois Araild Thiar agus codanna gearra de Shráid Chlann Bhreasail Uachtarach agus Íochtarach/an R137 i dtreonna ailtéarnacha. Tá sé beartaithe freisin rotharbhealach comhlántach a thabhairt isteach sa taobh thiar den Scéim Bheartaithe trí shráideanna ciúine ag an taobh theas den Scéim Bheartaithe.

An Comhthéacs Reachtach

Maidir le tionscadail a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnacht a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (arna leasú le Treoir 2014/52/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014) (an “**Treoir MTT**”), ceanglaítear orthu go huathoibríoch measúnacht tionchair timpeallachta (“**MTT**”) a dhéanamh. Ní thagann an Scéim Bheartaithe faoin liosta tionscadal a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir MTT.

De bhreis air sin, leagtar “forbairt bhóthair” áirithe a gceanglaítear MTT go huathoibríoch ina leith amach in alt 50(1)(a) d’Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú) (“**Acht na mBóithre**”), agus in Airteagal 8 de Rialacháin na mBóithre, 1994 (I.R. Uimh. 119 de 1994) (arna leasú) (“**Rialacháin na mBóithre**”). Ní thagann an Scéim Bheartaithe faoi cheann ar bith de na catagóirí “forbairt bhóthair” a leagtar amach in alt 50(1)(a) d’Acht na mBóithre ná in Airteagal 8 de Rialacháin na mBóithre.

Foráiltear dó seo a leanas le halt 50(1)(c) d’Acht na mBóithre:-

“I gcás ina measfaidh údarás bóithre nó, de réir mar a bheidh, an tÚdarás gur dhóigh go mbeadh éifeachtaí suntasacha ar an gcomhshaol ag aon fhorbairt bhóthair a bheartaíonn sé (seachas forbairt lena mbaineann mír (a)) arb éard í bóthar poiblí beartaithe a dhéanamh nó bóthar poiblí láithreach a fheabhsú, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Bhord Pleanála i scríbhinn sula ndéanfaidh sé iarratas chuig an mBord ar cheadú dá dtagraítear in alt 51(1) i leith na forbartha.”

I gcomhréir le halt 50(1)(c) d’Acht na mBóithre, rinne Bord Clár BusConnects an Údaráis, ag gníomhú dó ar son agus thar ceann an Údaráis, breithniú ar cé acu is dóigh nó nach dóigh go mbeidh éifeachtaí

suntasacha ag an Scéim Bheartaithe ar an gcomhshaol. Tugadh treoir do Arup Tuarascáil Scagtha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a ullmhú le haghaidh na Scéime Beartaithe chun cabhrú leis an Údarás a bhreithniú cé acu is dóigh nó nach dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasacha ag an Scéim Bheartaithe ar an gcomhshaol. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil sin gur dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasacha ag an Scéim Bheartaithe ar an gcomhshaol.

An Cinneadh ar Scagadh ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta

I gcomhréir le halt 50(1)(c) d'Acht na mBóithre, leis an Treoir MTT agus leis an treoir is infheidhme agus ar bhonn na faisnéise a thugtar sa Tuarascáil Scagtha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta le haghaidh na Scéime Beartaithe (inar cuireadh forálacha na Treorach MTT san áireamh, lena n-áirítear Iarscríbhinní IIA agus III a ghabhann leis an Treoir sin), agus na torthaí atá ar fáil ar mheasúnachtaí eile ar na héifeachtaí ar an gcomhshaol á gcur san áireamh, nuair is ábhartha, chinn Bord Clár BusConnects an Údaráis, ag gníomhú dó ar son agus thar ceann an Údaráis, gur dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasacha ag an Scéim Bheartaithe ar an gcomhshaol agus, dá bhrí sin, go gceanglaítear MTT agus nach mór Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a ullmhú.

Na Príomhchúiseanna leis an gCinneadh

Thángthas ar an gcinneadh thuas ar na príomhchúiseanna seo a leanas, agus tagairt á déanamh do na critéir ábhartha a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir MTT:-

1. Is dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasacha carnacha ag an Scéim Bheartaithe ar an gcomhshaol mar thoradh ar an bhforluí a bheidh ann idir an Scéim Bheartaithe agus tionscadail forbartha eile, mar atá mionsonraithe sa Tuarascáil Scagtha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta. Áirítear leo na nithe seo a leanas, mar shampla:
 - (a) Éifeachtaí carnacha ar shócmhainní ábhartha de bharr fóntais a chlaonadh nó a mhodhnú, rud a eascraíonn as an éifeacht charnach a bheidh ag tionscadail bhonneagair mhórsála a bheidh ar siúl ag an am céanna agus ar lena linn a bheidh sé riachtanach fóntais a chlaonadh nó a mhodhnú. Áirítear leis na tionscadail sin an Clár DART+, tionscadail Luas agus MetroLink (le linn na céime tógála).
 - (b) Deighilt mhéadaithe agus moilleanna méadaithe do thiománaithe agus do choisithe mar thoradh ar an bplódú a chruthóidh feithiclí tógála agus claonadh sealadach tráchta/dúnadh sealadach cosán agus bóithre, rud a eascraíonn as éifeacht charnach na Scéime Beartaithe i gcomhcheangal leis an gCroíchonair Bus ó Theach Mealóg/Ráth Fearnáin go Lár na Cathrach (le linn na céime tógála).
 - (c) Astaíochtaí méadaithe deannaigh agus éifeachtaí torainn agus tonnchreatha a bhaineann le gníomhaíochtaí tógála, amhail tochailt, scartáil, agus ath-dhromchlú bóithre, rud a eascraíonn as éifeacht charnach na Scéime Beartaithe i gcomhcheangal leis an gCroíchonair Bus ó Theach Mealóg/Ráth Fearnáin go Lár na Cathrach (le linn na céime tógála).
 - (d) Éifeachtaí carnacha ar ábhair agus ar acmhainní dramhaíola de bharr ábhair a scartáil, a thochailt agus a iompar (iad a bhaint agus a sheachadadh), rud a eascraíonn as tionscadail eile a ghineann cainníochtaí suntasacha dramhaíola tochailte, tógála agus scartála (le linn na céime tógála).
 - (e) Éifeachtaí carnacha ar aercháiliocht agus ar thorann de bharr athruithe ar acomhail, ar leibhéil tráchta agus ar phatrúin tráchta i gcomhcheangal leis na gnéithe eile de

BusConnects Bhaile Átha Cliath – Oibreacha Bonneagair Croíchonairí Bus, lena n-áirítear na Croíchonairí Bus ó Thamhlacht/Cluain Dolcáin go Lár na Cathrach, ó Ghleann na Life go Lár na Cathrach agus ó Theach Mealóg/Ráth Fearnáin go Lár na Cathrach, a bhfuil gach ceann díobh i ngaireacht don Scéim Bheartaithe agus í ag bogadh i dtreo Lár na Cathrach (le linn na céime oibríochtúla).

2. Is dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasacha ag an Scéim Bheartaithe ar an gcomhshaol le linn Chéim Tógála na Scéime Beartaithe, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- (a) Plódú méadaithe mar thoradh ar chlaonadh tráchta agus mar thoradh ar ghluaiseacht an tráchta a bhaineann leis an tógáil;
- (b) Éifeachtaí aercháiliochta mar thoradh ar astaíochtaí deannaigh ó ghníomhaíochtaí tógála agus mar thoradh ar astaíochtaí ó fheithiclí tógála agus ó thrácht claonta;
- (c) Éifeachtaí torainn agus tonnchreatha a eascróidh as gníomhaíochtaí tógála, go háirithe le linn diantréimhsí tógála;
- (d) Leibhéil mhéadaithe struis agus chur isteach, go háirithe ar úsáideoirí soghonta bóithre agus ar dhaoine den phobal a chónaíonn nó a oibríonn sa limistéar nó a dhéanann comaitéireacht tríd an limistéar;
- (e) Éifeachtaí bithéagsúlachta de bharr cailteanas gnáthóg amhail crainn agus fásra eile agus de bharr leathadh speiceas ionrach neamhdhúchasach;
- (f) Éifeachtaí cáilíochta uisce, i gcás go dtitfidh eachtra truailliúcháin amach laistigh de shruthchúrsa nó cóngarach dó le linn na tógála;
- (g) Éifeachtaí ar ithreacha agus ar gheolaíocht agus éifeachtaí féideartha éilliúcháin ar acmhainní screamhuisce de bharr talamh réitithe agus an foghrád láithreach a thochailt;
- (h) Éifeachtaí ar an oidhreacht seandálaíochta agus chultúrtha agus cur isteach ar iarsmaí seandálaíochta faoi bhun na talún de bharr gníomhaíochtaí tochailte;
- (i) Éifeachtaí bailidhreacha agus amhairc de bharr na gníomhaíochta tógála i gcoitinne, idir chrainn a bhaint, thionchair ar theorainneacha réadmhaoine agus chur isteach ar an sráid-dreach;
- (j) Tionchair a eascróidh as ábhar a ghinfear le linn an foghrád a thochailt; agus
- (k) Éifeachtaí ar fhóntais de bharr bonneagar fóntas a chlaonadh agus a mhodhnú.

3. Is dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasacha ag an Scéim Bheartaithe ar an gcomhshaol mar thoradh ar Chéim Oibríochtúil na Scéime Beartaithe, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- (a) Ath-leithroinnt an spáis bóithre, rud as a dtiocfaidh athruithe ar an soláthar páirceála agus luchtaithe;
- (b) Tionchair aercháiliochta agus torainn de bharr athruithe ar phatrúin tráchta feadh na Scéime Beartaithe agus feadh na nasc bóthair atá cóngarach di;

- (c) An baol go dtabharfaí speicis ionracha neamhdhúchasacha isteach nó go leathfaí iad le linn gníomhaíochtaí cothabhála;
- (d) Tionchair cháilíochta uisce agus thuile de bharr méaduithe ar limistéir chruastad, rud a d'fhéadfadh an ráta reatha chun srutha a mhéadú;
- (e) Tionchair ar ithreacha agus ar gheolaíocht agus tionchair fhéideartha éilliúcháin de bharr doirteadh de thaisme;
- (f) Tionchair ar shuíomh sócmhainní oidhreachta cultúrtha de bharr athruithe laistigh den teorainn bóthair; agus
- (g) Athruithe ar an gconair iompair, a dhéanfaidh difear don ómós áite agus don taitneamhacht bailedhreacha agus amhairc, de bharr na ngnéithe nua laistigh den sráid-dreach, de bharr athruithe ar shruthanna tráchta, ar shoilse agus ar chomharthaí, de bharr teorainneacha nua agus de bharr cóireálacha plandaithe tírdhreacha.



Sínte:

Ar son agus thar ceann Bhord Clár BusConnects an Údaráis

Dátaithe:- 9ú Lúnasa 2021